Caillte

Ar na laetha fuara seo
An fhearthainn mo dhallú

Cuartaim do fholt dubh
I gcarr ar an bhealach seo

A shíneann síos
Ar bhruach Loch Súiligh

Nó ins an chathair
Lorgaim do aghaidh arís

'ns na sluaite a théann thar bhráid
A gcinn cróchta

Ar eagla go bhfeicfeadh siad
Mo shúile dorcha tréigthe.

Deireadh

Titfidh siad
Duine ar dhuine

Na mná bhána
'S fir na mban bhána

Mar a thiteann an lus
Nó an cloigín gorm

'S cuirfir iad
'S fásfhidh féar

Agus tuigbheail úr
I gcinn na bhfear bhána

S ní bhristear bláth
S fásfidh siad gan srian

Gan cosc, gan tost
Gan briseadh as gan bás.

Méadú goirid

Na paidreacha thart
Idir lón beag agus táblaí

Mhéadaí an daonra
I rang a sé

Is thóg sé í
Mar a chuid fhéin

Cheol sí ag a thóramh
'S do chaoin a bhean.